## Eanáir



Cuir Plean um Pailneoirí le chéile do do ghairdín. Tá na pailneoirí ar fad ina gcoladh i láthair na huaire, mar sin níl ár gcabhair uathu go fóill ach is am iontach é le plean a chur le chéile. Féach ar na noda, físeáin agus liostaí atá ar fáil ar www.pollinators.ie agus déan Plean um Pailneoirí do do ghairdín féin.



## Feabhra

Cruthaigh áit do na beacha sa ghairdín. Má tá banc cré agat a fhaigheann neart gréine, bain planda ar bith atá ag fás ann ar mhaithe leis an mbeach tholltach, nó is féidir bosca neadaireachta nó Óstán do na Beacha a dhéanamh. Téigh chuig 'Creating Wild Pollinator Nesting Habitat' ar pollinators.ie/gardens.

## Márta




Fág na Caisearbháin mar atá. Is bia iontach iad na caisearbháin do na pailneoirí. Fág an lomaire féir sa gharáiste i mí an Mhárta agus i mí Aibreáin agus cuideoidh tú go mór leis na pailneoirí i dtráth nach bhfuil mórán bia ar fáil dóibh.



## Aibreán

Potaí do Phailneoirí. Mura bhfuil agat ach gairdín beag nó fiú mura bhfuil gairdín ar bith agat, is féidir leat do chuid a dhéanamh. Cuir 'pota do na pailneoirí' ar an bpaitió nó ar leac na fuinneoige. Tá treoracha ar fáil ar pollinators.ie/gardens.



## Bealtaine

Ná Bain sa Bhealtaine. Más féidir an lomaire féir a fhágáil sa gharáiste i mí Bealtaine - fág ann é. Beidh seamair dhearg agus bhán ag fás do na beacha ocracha. (Más féidir an féar a fhágáil agus gan é a ghearradh ach uair sa mhí idir Meitheamh agus Lúnasa, is fearr sin a dhéanamh).



## Meitheamh


Téigh sa tóir ar phlandaí atá go maith do na paileoirí. Níl mórán maitheasa isa lus an chromchinn, i dtiúilipí ná sna plandaí traidisiúnta do cheapaí do na paileoirí. Ach tá neart roghanna eile ar fáil atá i bhfad Éireann níos fearr dóibh, féach ar pollinators.ie/resources.



## Iúil




Is féidir plandaí atá chun leasa pailneoirí a chur i mbláthchiseáin chrochta freisin. Cuir Bidens nó Bacopa iontu agus beidh neart pailine ar fáil.



## Lúnasa

Bailigh síolta ó bhláthanna fiáine. Déan cinnte gur síolta ó bhláthanna fiáine áitiúla atá i gceist. Is í mí Lúnasa an mhí is fearr chun síolta a bhailiú. Is féidir na síolta seo a chur i bpotaí sula gcuirtear i gceapacha do bhláthanna fiáine iad. Féach ar 'Collecting and using pollinator-friendly Wildflower Seeds' ar pollinators.ie/resources.

## Meán Fómhair



Gearr móinéir ina bhfuil féar fada ag fás anois. Tá sé tábhachtach go bhfaigheann tú réidh leis na scotháin féir (an féar atá gearrtha) chun nach ndéantar an chréafóg a leasú tuilleadh (fásann bláthanna fiáine níos fearr i ndroch-chréafóg).

## Deireadh Fómhair



Cuir crann, tom nó fál sceach dúchais i do ghairdín. Cuirfidh an planda sin pailin ar fáil go ceann blianta fada. Tá neart roghanna ann.

NINE ARROW



## Samhain

Cuir bleibíní atá go maith do na beacha sa ghairdín, cróch nó plúirín sneachta mar shampla. Beidh toradh do chuid oibre le feiceáil i mí Feabhra nó i mí Márta. Tabharfaidh sé seo buntáiste mór do na beacha sa bhliain nua.





## Nollaig

Is féidir an saileach a fhás go héasca ó ghearrthóga, mar sin bailigh gearrthóga ó shaileacha i do cheantar áitiúil. Agus ná déan dearmad gurb é an geimhreadh an t-am is fearr chun an bhliain nua romhat amach a phleanáil.